AN COIMISIÚN UM ACHOMHAIRC CHÁNACH
TAX APPEALS COMMISSION

Cairt Seirbhíse do Custaiméirí

Tá an TAC tiománta do chaighdeán ard seirbhíse a chur ar fáil de réir na bprionsabal, na gcleachtas agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Chaighdeán don Rialachas Corparáideach sa Státseirbhís agus, go sonrach, leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Cuireann an oifig seo próiseas achomharc neamhspleách ar fáil maidir le diospóidí cánach a éisteacht agus moltóireacht a dhéanamh orthu, sa chaoi go n-éistimid agus go socraímid achomairc ar chinntí agus ar shocruithe na gCoimisinéirí Ioncaim, maidir le cáin agus dleacht.

Leagann an Chairt seo amach na caighdeáin is rún dúinn a chomhlíonadh maidir lenár bhfeidhm dhleachtach. Déanfamid ár bhfeidhmiú a thomhas agus a luacháil agus déanfaimid tuarascáil ar na torthaí gach bliain sa Tuarascáil Bhliantúil.

Teagmháil Teileafóin

Sa chás go ndéanfaidh tú teagmháil teileafóin le TAC, déanfaimid tréaniarracht na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- do ghlao a fhreagairt chomh luath agus is féidir;
- ár n-ainm agus ár réimse oibre a thabhairt ar fhreagairt do ghlao dúinn;
- bheith cúirtéiseach cuidiúil i rith ama;
- do cheist a fhreagairt go hiomlán nó, sa chás nach féidir sin, do mhionsonraí a thógáil agus glaoch ar ais ort chomh luath agus is féidir;
- gach teachtaireacht glórphoist a fhreagairt go pras.

Comhfhreagras Scríofa

Má chuireann tú litir, facs nó ríomhphost chugainn, déanfaimid tréaniarracht na nithe a leanas a dhéanamh:

- a chinntiú go bhfaighidh tú freagra iomlán tráth nach déanaí ná 20 lá oibre;
- ainm teagmhála, uimhir thagartha (más cuí) agus sonraí eile teagmhála a chur leis (teileafón, facs, r-phost);

- scríobh chugat i dteanga shimplí shoiléir gan téarmaí teicniúla a úsáid, seachas nuair is gá.

Gearáin leis an TAC

Má dhéanann tú gearán don TAC, faoinár ngíomhartha, déanfaimid iarracht na nithe a leanas a dhéanamh:

- do ghearán a adhmáil tráth nach déanaí ná seacht lá;
- a insint duit cá fhad a d'fhéadfadh sé glacadh orainn an gearán a scrúdú;
- tú a choinnneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn an scrúdaithe;
- tú a chur ar an eolas chomh pras agus chomh soiléir agus is féidir faoi thoradh an scrúdaithe.

Cuairteoirí ar an TAC

Má thagann tú ar cuairt chuig an TAC, déanfaimid na nithe seo:

- caitheamh leat go cúirtéiseach, i gcead do do phríobháideachas, oiread agus is féidir, agus a bheith cothrom sa phlé a bheidh againn leat;
- bualadh leat ag an am comhaontaithe, sa chás go mbeidh coinne agat;
- dícheall a dhéanamh áiseanna cuí a chur ar fáil le haghaidh éisteachta nó cruinnithe, sa chás;
- ár n-oifigí poiblí a choinneáil néata glan, á chinntiú go bhfuil siad ag teacht le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta.

Cothromas/Éagsúlacht

- táimid tiománta do chaighdeán ardcháilíochta a chur ar fáil a thacaíonn le cearta duine aonair go gcaithfí go cothrom leis de réir reachtaíochta um chothromas;
- beidh sé mar sprioc againn a chinntiú go mbeidh seirbhísí agus saoráidí inrochtana ag cách, iad siúd a bhfuil sainriachtanais acu san áireamh.

Seirbhís as Gaeilge

Má iarrann duine a dhéanann teagmháil leis an gCoimisiún um Achomhairc Chánach seirbhís trí Ghaeilge, déanfaimid dícheall teagmháil as Gaeilge a dhéanamh leis an duine; sa chás nach mbeimid ábalta, déanfaimid dícheall seirbhísí ateangaire a fháil.

Nós Imeachta Athbhreithnithe

Bíonn beartas agus nósanna imeachta an TAC faoi athbhreithniú leanúnach ag an mbainistíocht laistigh den eagraíocht agus tá siad faoi réir ag iniúchadh seachtrach an ARCC.